2025/2476

9.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2476 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Nollaig 2025

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann le liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2005 maidir le liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal a bhunú agus maidir le paisinéirí aeriompair a chur ar an eolas faoi chéannacht an iompróra oibriúcháin, agus lena n-aisghairtear Airteagal 9 de Threoir 2004/36/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ([2]) ón gCoimisiún, bunaítear liosta na n-aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas.

(2) De bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, chuir Ballstáit áirithe agus Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('an Ghníomhaireacht') faisnéis in iúl don Choimisiún atá ábhartha maidir leis an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta. Sholáthair tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta faisnéis ábhartha freisin. Ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh, ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Chuir an Coimisiún na haeriompróirí uile lena mbaineann ar an eolas, go díreach nó trí na húdaráis atá freagrach as a bhformhaoirseacht rialála, faoi na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha a bheadh mar bhunús le cinneadh toirmeasc a chur ar a n-oibriú laistigh den Aontas nó na coinníollacha a mhodhnú maidir le toirmeasc ar oibriú arna fhorchur ar aeriompróir atá ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinní A nó B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

(4) Thug an Coimisiún an deis do na haeriompróirí lena mbaineann an doiciméadacht ábhartha uile a cheadú, barúlacha i scríbhinn a chur isteach agus cur i láthair ó bhéal a dhéanamh os comhair an Choimisiúin agus Choiste Aersháblháilteachta an Aontais.

(5) Faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/660 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún Coiste Aersháblháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na comhairliúcháin leanúnacha le húdaráis inniúla agus aeriompróirí Angóla, na hAirméine, agus na Cirgeastáine. Chuir an Coimisiún Coiste Aersháblháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi chúrsaí sábháilteachta eitlíochta sa Chongó Brazzaville, san Iaráic, Mailí, sa Phacastáin, i Suranam, sa tSiria, sa Tansáin, sa Túinéis agus san Úisbéiceastáin.

(6) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aersháblháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na measúnuithe teicniúla a rinneadh le haghaidh na meastóireachta tosaigh agus an fhaireacháin leanúnaigh ar údaruithe Oibreora Tríú Tír ('TCO'), arna n-eisiúint de bhun Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún ([4]).

([1]) IO L 344, 27.12.2005, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/2111/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún an 22 Márta 2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 84, 23.3.2006, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/474/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/660 ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe le haghaidh an liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 473/2006 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2023, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/660/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 452/2014 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2014 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeroibríochtaí oibreoirí tríú tír de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 133, 6.5.2014, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/452/oj).

(7) Chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aershábháilteachta an Aontais ar an eolas freisin faoi thorthaí na hanailíse ar chigireachtaí rampa a rinneadh faoin gclár um Measúnú Sábháilteachta ar Aerárthaí Eachtracha ('SAFA'), i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([5]).

(8) Chomh maith leis sin, chuir an Ghníomhaireacht an Coimisiún agus Coiste Aershábháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na tionscadail chúnaimh theicniúil a rinneadh i dtríú tíortha a ndearnadh toirmeasc ar n-oibriú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 difear dóibh. Thairis sin, sholáthair an Ghníomhaireacht faisnéis faoi na pleananna agus na hiarrataí maidir le tuilleadh cúnamh teicniúil agus comhair chun feabhas a chur ar acmhainneacht riaracháin agus theicniúil na n-údarás eitlíochta sibhialta i dtríú tíortha d'fhonn cuidiú leo a áirithiú go gcomhlíontar na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta is infheidhme don eitlíocht shibhialta. Iarradh ar na Ballstáit freagra a thabhairt ar na hiarrataí sin ar bhonn déthaobhach i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht. I ndáil leis sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún a úsáidí atá sé faisnéis a sholáthar don chomhphobal eitlíochta idirnáisiúnta, go háirithe trí uirlis na Comhpháirtíochta um Chúnamh maidir le Sábháilteacht Eitlíochta a Chur Chun Feidhme, ar uirlis de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('EESI') í, faoin gcúnamh teicniúil a sholáthraíonn an tAontas agus na Ballstáit do thríú tíortha chun feabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta ar fud an domhain.

(9) Thug EUROCONTROL an t-eolas ba dhéanaí don Choimisiún agus do Choiste Aershábháilteachta an Aontais maidir le stádas fheidhmeanna aláraim SAFA agus TCO, lena n-áirítear staitisticí faoi theachtaireachtaí foláirimh maidir le haeriompróirí a bhfuil toirmeasc orthu.

Aeriompróirí an Aontais

(10) Tar éis don Ghníomhaireacht anailís a dhéanamh ar fhaisnéis a d'eascair as cigireachtaí rampa a rinneadh ar aerárthaí aeriompróirí de chuid an Aontais, maille le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí caighdeánaithe a rinne an Ghníomhaireacht, arna comhlánú le faisnéis a d'eascair as cigireachtaí agus iniúchtaí sonracha a rinne údaráis náisiúnta eitlíochta, rinne na Ballstáit bearta áirithe ceartaitheacha agus forfheidhmithe agus chuir siad an Coimisiún agus Coiste Aershábháilteachta an Aontais ar an eolas faoi na bearta sin.

(11) D'athdhearbhaigh na Ballstáit go bhfuil siad réidh le gníomhú de réir mar is gá i gcás ina léireoidh an fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamhchomhlíonadh na gcaighdeán ábhartha sábháilteachta ag aeriompróirí de chuid an Aontais.

Aeriompróirí ó Angóla

(12) I mí Iúil 2007, cuireadh *TAAG Angola Airlines* le hIarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán (CE) 787/2007 ón gCoimisiún ([6]). I mí na Samhna 2008, le Rialachán (CE) Uimh. 1131/2008 ([7]) ón gCoimisiún áiríodh na haeriompróirí uile atá deimhnithe in Angóla in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún. I mí Iúil 2009, aistríodh *TAAG Angola Airlines* chuig Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 le Rialachán (CE) 619/2009 ón gCoimisiún ([8]). I mí Aibreáin 2019, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/618 ón gCoimisiún ([9]), baineadh *TAAG Angola Airlines* d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 agus baineadh *Heli Malongo* d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006.

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/965/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 787/2007 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2007 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 175, 5.7.2007, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/787/oj).

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1131/2008 ón gCoimisiún an 14 Samhain 2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 306, 15.11.2008, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1131/oj).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 619/2009 ón gCoimisiún an 13 Iúil 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal (IO L 182, 15.7.2009, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/619/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/618 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann leis an liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L 106, 17.4.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/618/oj).

(13) Sa chéad ráithe de 2025, cuireadh *TAAG Angola Airlines* faoi fhaireachas treisithe na Gníomhaireachta de bhun Rialachán (AE) Uimh. 452/2014, tar éis saincheisteanna comhlíontachta gan réiteach i réimsí na n-oibríochtaí eitilte, na haeracmhainneachta, an chóras bainistíochta sábháilteachta agus na gcóras cáilíochta, a sainaithníodh trí ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnacha na Gníomhaireachta. Sa chomhthéacs sin, rinne an Ghníomhaireacht iniúchóireacht ar *TAAG Angola Airlines* an 3 agus 4 Aibreán 2025, a nocht 15 thorthaí Leibhéal 2, atá mar bhunchúis thoradh Leibhéal 1 a bhaineann le neamhchomhlíonadh leis na ceanglais is infheidhme d'Iarscríbhinn 1 (Cuid-TCO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 452/2014. Sa bhreis air sin, léirigh an iniúchóireacht go raibh na gníomhaíochtaí formhaoirseachta a rinne Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla neamhiomlán agus faoi bhun na n-íoschaighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

(14) An 30 Aibreán 2025, chuir an Ghníomhaireacht in iúl don aeriompróir an rún a bhí aige Údarú TCO Uimh. EASA.TCO.AGO.0001 a chur ar fionraí agus d'iarr sí bearta maolaithe láithreacha agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha faoin 14 Bealtaine 2025. Ina dhiaidh sin, sheol *TAAG Angola Airlines* isteach plean gníomhaíochta ceartaithí a ghlac an Ghníomhaireacht, rud a d'fhág gur cuireadh deireadh leis an bpróiseas fionraithe an 23 Meitheamh 2025.

(15) I mí an Mheithimh 2025, mar fhreagairt ar iarraidh ó Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla dul i dteagmháil an athuair leis an gCoimisiún maidir le stádas na maoirseachta sábháilteachta eitlíochta in Angóla, d'iarr an Coimisiún ar Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla faisnéis mhionsonraithe a sholáthar maidir lena eagraíocht, lena fheidhmiú agus leis na gníomhaíochtaí faireachais a rinneadh ar na haeriompróirí atá deimhnithe aige chomh maith leis an obair leantach ar na moltaí a leagtar amach i dTuarascáil um Chúnamh Teicniúil na Gníomhaireachta i mí na Nollag 2020.

(16) Níor sholáthair Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla an fhaisnéis a iarradh ach sheol sé a máistirphlean do thionscadal maidir le maoirseacht aershábháilteachta a fheabhsú chuig an gCoimisiún i mí Iúil 2025, ina leagtar amach athchóirithe chun Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla a athstruchtúrú. Mar sin féin, níor leor an fhaisnéis a soláthraíodh chun measúnú iomlán a dhéanamh ar staid reatha na formhaoirseachta sábháilteachta in Angóla, toisc nár áiríodh inti an doiciméadacht agus na soiléirithe ba ghá chun meastóireacht a dhéanamh ar an mbonn le heisiúint agus bailíocht leanúnach deimhnithe aeroibreora, nó ar na bearta formhaoirseachta eatramhacha go dtí go gcuirfear Máistirphlean CSOEP chun feidhme. Dá bhrí sin, thíolaic an Coimisiún iarraidh nua ar dhoiciméadacht i mí Lúnasa 2025.

(17) Sa litir freagartha a tharchuir Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla chuig an gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2025, ní raibh an fhaisnéis ann arís a iarradh sna litreacha ón gCoimisiún i mí an Mheithimh agus i mí Lúnasa 2025. Dá bhrí sin, sheol an Coimisiún litir nua an 7 Samhain 2025, inar áitíodh ar Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla cuid den fhaisnéis a iarradh roimhe seo a chur isteach roimh an gcruinniú de Choiste Aershábháilteachta an Aontais atá ar na bacáin agus na sonraí atá fágtha a chur ar fáil faoin 15 Eanáir 2026. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla freastal ar chruinniú teicniúil atá beartaithe do mhí Feabhra 2026 chun gníomhaíochtaí a rinne ANAC faoi chuimsiú CSOEP a phlé agus chun athmheasúnú a dhéanamh, de réir mar is gá, ar an gcinneadh a ghlac an Coimisiún Eorpach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/618 chun *TAAG Angola Airlines* agus *Heli Malongo* a bhaint de liosta an Aontais d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú.

(18) Mar fhreagairt ar an iarraidh is déanaí ón gCoimisiún, sholáthair Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla, ina litir an 13 Samhain 2025, faisnéis ghinearálta áirithe a lorg sé roimhe sin, lena n-áirítear gnéithe maidir lena struchtúr eagraíochtúil agus lena fheidhmiú agus maidir leis na haeriompróirí atá deimhnithe aige. Cé go léiríonn Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla go bhfuil a straitéis bunaithe ar chur chuige déach, lena gcomhcheanglaítear rialú airdeallach faoin gcóras atá ann faoi láthair le hiarracht fhadtéarmach nuachóirithe, ní thugann an fhaisnéis a chuirtear isteach, ag an gcéim seo, dearbhú leordhóthanach maidir le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta a bheith á gcomhlíonadh ag a ghníomhaíochtaí faoi láthair, go háirithe maidir le heisiúint agus bailíocht leanúnach deimhnithe agus maidir leis na gníomhaíochtaí maoirseachta leanúnacha gaolmhara. Áireofar na hábhair sin ar chlár oibre an chruinnithe theicniúil a bheidh ar siúl i mí Feabhra 2026, agus a chinntigh Údarás Eitlíochta Sibhialta Náisiúnta Angóla a rannpháirtíocht ann.

(19) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar an liosta d'aeriompróirí a bhfuil atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe in Angóla.

(20) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe in Angóla trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(21) Ba cheart don Choimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh de réir mar is gá, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, má léiríonn aon fhaisnéis ábhartha sábháilteachta go bhfuil gar-rioscaí sábháilteachta ann mar thoradh ar neamh-chomhlíonadh na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

Aeriompróirí ón Airméin

(22) I mí an Mheithimh 2020, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún, áiríodh na haeriompróirí uile atá deimhnithe san Airméin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ([10]).

(23) Mar thoradh ar an bplé a rinne Coiste Aershábháilteachta an Aontais Eorpaigh i mí na Bealtaine 2025, thug saineolaithe ón gCoimisiún, ón nGníomhaireacht agus ó na Ballstáit cuairt mheasúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair san Airméin ón 1 go dtí an 5 Meán Fómhair 2025 ag Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine. Áiríodh i gcuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair measúnú samplach ar dhá aeriompróir atá deimhnithe san Airméin, eadhon *Armenia Airways* agus *Shirak Avia*.

(24) Díríodh gníomhaíochtaí na cuairte measúnúcháin de chuid an Aontais ar an láthair ar Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine i bhfianaise a róil agus a fhreagrachta as gníomhaíochtaí formhaoirseachta aershábháilteachta na n-aeriompróirí atá deimhnithe san Airméin.

(25) Deimhníodh sa mheasúnú go bhfuil céimeanna soiléire glactha ag Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine chun córas maoirseachta sábháilteachta feidhmiúil a thógáil atá ailínithe leis na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha. Tá Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine i mbun tionscnaimh feabhsúcháin leanúnaigh agus tá sé léirithe aige go bhfuil sé toilteanach aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sainaitheanta.

(26) Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Airméin maidir le creat cuimsitheach reachtaíochta eitlíochta tánaistí a fhorbairt a bheidh ailínithe le hIarscríbhinní EESI agus le príomhghnéithe rialacha sábháilteachta eitlíochta an Aontais ar fud na bpríomhréimsí uile. Chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an dul chun cinn sin, tá gá le hiarrachtaí leanúnacha chun cothabháil chomhsheasmhach agus cur chun feidhme tráthúil na leasuithe is déanaí ó EESI agus ón Aontas a áirithiú. Go háirithe, tá fógra córasach agus foilsiú na ndifríochtaí fós gan réiteach. Chomh maith leis sin, níl rialacha náisiúnta maidir le teorainneacha ama eitilte agus dualgais le haghaidh oibríochtaí héileacaptair ag an Airméin. Trí na próisis sin a neartú, cuideofar le comhlíonadh iomlán agus cothrom le dáta na gcaighdeán sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha a áirithiú.

(27) Bhunaigh Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine na príomhfheidhmeanna eagraíochtúla is gá le haghaidh maoirseacht sábháilteachta, le tacaíocht ó fhoireann spreagtha. Tá gá le tuilleadh mionchoigeartaithe chun ailíniú a áirithiú idir an t-eagraghram formheasta agus na línte tuairiscithe iarbhír. Thairis sin, tá gá le soiléiriú breise maidir leis an slabhra ceannais i gcásanna ina bhfuil an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach araon as láthair. Cé go gceadaítear le forálacha ar leibhéal an stáit don Aire ceannaireacht shealadach a ainmniú, d'fhéadfadh sé go gcuirfí moill ar chinntí práinneacha forfheidhmithe dá bhfaighfí an cumhachtú sin tráth an ghátair, mar shampla a shainaithint cé atá údaraithe ordú dhul i dtalamh a eisiúint d'aerárthach a bhfuil easnaimh shuntasacha sábháilteachta aige.

(28) Tá gníomhaíochtaí deimhniúcháin agus faireachais curtha chun feidhme ag Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine i réimse na n-oibríochtaí aeir, agus thug sé isteach gnéithe den mhaoirseacht rioscabhunaithe. Léirítear leis an measúnú ar na gníomhaíochtaí formhaoirseachta a rinne Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine le déanaí nach n-áirithítear leis na próisis atá ann faoi láthair fíorú leordhóthanach ar chomhlíonadh aeriompróirí i gcónaí. Mar shampla, formheasadh céim mheastóireachta oibríochtúil an mhála eitilte leictreonaigh, cé nár soláthraíodh faisnéis fhíor-riachtanach maidir le crua-earraí, bogearraí, plean taispeána agus tástálacha riachtanacha. Cé go raibh na seicliostaí a úsáideadh curtha i gcrích go foirmiúil, léirigh an fíorú nach ndearnadh measúnú ar na príomhcheanglais sa chleachtas. Léiríonn sé sin nach n-áirithítear go fóill le húsáid uirlisí formhaoirseachta measúnú córasach iontaofa ar shábháilteacht oibríochtúil. Baineadh úsáid as seicliostaí na teorainneacha ama eitilte agus dualgais atá tiomnaithe d'eitleáin chun aeriompróir héileacaptair a dheimhniú.

(29) I réimse na n-oibríochtaí aeir, tá gá fós le dul chun cinn suntasach. Leantar de dheimhnithe agus d'fhormheasanna a dheonú gan a áirithiú gur léirigh aeriompróirí go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta iomchuí á gcomhlíonadh acu, mar gheall ar chleachtais formhaoirseachta neamhréireacha agus easpa forálacha rialála iomlána. In éineacht le cumhachtaí forfheidhmithe teoranta, gníomhaíochtaí faireachais moillithe nó cealaithe, agus rochtain neamhleor ar dhoiciméadacht oibríochtúil, laghdaíonn na heasnaimh sin go mór cumas Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine rialú sábháilteachta leanúnach agus éifeachtach ar aeriompróirí a áirithiú.

(30) I réimse na haeracmhainneachta, léirigh Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine cumais láidre formhaoirseachta teicniúla agus cur chuige réamhghníomhach. Is dearfach an rud é modh maoirseachta rioscabhunaithe a fhorbairt, cé gur cheart leanúint de nósanna imeachta inmheánacha agus d'fhaireachán ar chomhlíonadh a neartú chun a áirithiú go n-eiseofar gach formheas agus deimhniú i gcomhréir iomlán leis na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a mhéid a bhaineann leis an liosta d'aeriompróirí a bhfuil toirmeasc ar a n-oibriú nó atá faoi réir srianta oibríochtúla laistigh den Aontas (IO L 172, 3.6.2020, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/736/oj).

(31) Thug foireann measúnaithe an Aontais cuairt ar an láthair ag *Armenia Airways* an 3 Meán Fómhair 2025.

(32) Tá croí-eilimintí a chóras bainistíochta sábháilteachta agus faireacháin ar chomhlíonadh bunaithe ag *Armenia Airways*. Mar sin féin, is de chineál nós imeachta iad an dá cheann fós den chuid is mó. Tá an Lámhleabhar Bainistíochta Sábháilteachta cineálach, agus níl sé oiriúnaithe go hiomlán do ghníomhaíochtaí an aeriompróra agus tá neamhréireanna idir beartas maidir le sábháilteacht agus beartas maidir le cáilíocht. Níl faireachán ar chomhlíonadh comhtháite go hiomlán in oibríochtaí laethúla.

(33) Tá gá le feabhsuithe ar mhaoirseacht ar oiliúint na foirne eitilte agus ar dhoiciméadacht oibríochtúil. Cé go bhfuil córais agus nósanna imeachta ábhartha i bhfeidhm, bhí sonraí míchearta ar an ardán leictreonach a úsáideadh chun bailíocht oiliúna a rianú agus léirigh sampláil nár seachadadh roinnt gnéithe den chúrsa tiontúcháin aeriompróra ina n-iomláine. Ina theannta sin, is gá tuilleadh oiriúnaithe a dhéanamh ar an lámhleabhar oibríochtaí agus ar an íosliosta trealaimh. Níor comhlánaíodh doiciméadacht an aerárthaigh i gcónaí i gcomhréir iomlán leis na nósanna imeachta, agus sínithe ceannasaí agus iontrálacha breosla i logleabhair theicniúla in easnamh, cairteacha as dáta, agus maiseanna paisinéirí caighdeánacha míchearta a úsáidtear i mbileoga ualaigh.

(34) Os a choinne sin, measadh go raibh socruithe cothabhála agus aeracmhainneachta leanúnaí ag *Armenia Airways* sásúil, gan aon saincheist mhór tugtha faoi deara.

(35) Thug foireann measúnaithe an Aontais cuairt ar an láthair ag *Shirak Avia* an 3 Meán Fómhair 2025.

(36) Tá príomheilimintí a chóras bainistíochta sábháilteachta agus faireacháin ar chomhlíonadh bunaithe ag *Shirak Avia*. Mar sin féin, is de chineál nós imeachta iad den chuid is mó agus níl siad leabaithe go leordhóthanach sa chleachtas oibríochtúil. Tá an Lámhleabhar Bainistíochta Sábháilteachta cineálach, agus ní chinntítear leis an bpróiseas bhainistiú an athraithe maolú córásach ar rioscaí sábháilteachta. Tá tagairtí rialála sa Lámhleabhar um Fhaireachán ar Chomhlíonadh neamhbheacht.

(37) Sainaithníodh easnaimh sa doiciméadacht oibríochtúil agus sa rialaithe oibríochtúil. Tá ábhar as dáta agus neamh-oiriúnaithe sa Lámhleabhar oibríochtaí agus san íosliosta trealaimh, agus tá níos mó ná leagan amháin den íosliosta trealaimh ann de bharr rialáil doiciméad atá neamhéifeachtach. Níor cuireadh nósanna imeachta maidir le pleanáil oibríochtúil agus bainistíocht breosla i bhfeidhm go comhsheasmhach, lena n-áirítear ríomhanna míchearta breosla cúltaisce agus nuashonruithe neamhiomlána ar phleananna eitilte oibríochtúla.

(38) Na socruithe maidir le cothabháil agus aeracmhainneacht leanúnach ag *Shirak Avia*, fuarthas sásúil iad, agus níor sainaithníodh aon easnamh suntasach.

(39) An 27 Deireadh Fómhair 2025, chuir Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine pacáiste pleananna gníomhaíochta ceartaithí faoi bhráid an Choimisiúin, mar aon le cruthúnas ar chur chun feidhme le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe, mar fhreagairt ar na barúlacha a tugadh le linn chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair. Cumhdaíodh leis na pleananna gníomhaíochta ceartaithí réimsí na reachtaíochta agus an eagrúcháin, an Clár Sábháilteachta Stáit, ceadúnú pearsanra, aeracmhainneacht, agus oibríochtaí aeir.

(40) Cé go ndéantar obair leantach leis na pleananna gníomhaíochta ceartaithí agus go dtugtar gealltanas leo aghaidh a thabhairt ar na barúlacha a ardaíodh, tugadh faoi deara gur fágadh an chuid is mó díobh ar lár nó nár forbraíodh go leordhóthanach iad ar an anailís ar bhunchúiseanna maidir leis na saincheisteanna a sainaithníodh. I gcásanna áirithe, bhí ranna anailíse ar bhunchúiseanna de chineál tuairisciúil, agus níor sainaithníodh bunús sistéamach na mbarúlacha. Dá bhrí sin, ní féidir a áirithiú le lánmhuinín gur tugadh aghaidh ar na bunchúiseanna uile nó go gcuirfidh na bearta ceartaitheacha atá beartaithe cosc éifeachtach ar atarlú. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, go bhfuil gá le tuilleadh mionchoigeartaithe agus fíoraithe ar mhodheolaíocht anailíse ar bhunchúiseanna a chuireann Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine i bhfeidhm chun inbhuanaitheacht agus éifeachtacht na ngníomhaíochtaí ceartaitheacha a chuirtear chun feidhme a áirithiú.

(41) I litir dar dáta an 22 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún in iúl d'údarás na hAirméine, tar éis iarraidh a fháil ó Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine éisteacht a fháil, go n-áireofaí cás na hAirméine ar chlár oibre chruinniú Choiste Aershábháilteachta an Aontais atá beartaithe don 19 agus don 20 Samhain 2025, áit a mbeadh an deis ag Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine a chás a chur i láthair faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005.

(42) D'éist Coiste Aershábháilteachta an Aontais le Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine an 19 Samhain 2025. Le linn na héisteachta, chuir toscaireacht na hAirméine forléargas i láthair ar na hathchóirithe a rinneadh ó 2020 i leith agus leag sí béim ar na gníomhaíochtaí a rinne sí chun maoirseacht sábháilteachta a neartú, lena n-áirítear coigeartuithe eagraíochtúla, iarrachtaí earcaíochta agus nósanna imeachta inmheánacha a thabhairt isteach. Thuairiscigh Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine gur dhún sé 31 as 58 mbarúil a ardaíodh le linn chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair, agus mheas sé gur de chineál nós imeachta iad na barúlacha eile.

(43) Cé gur thug an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais dá n-aire na hiarrachtaí a ndearnadh cur síos orthu, níor thacaigh an fhaisnéis a chuir Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine ar fáil go hiomlán leis na conclúidí a cuireadh i láthair. Níor léirigh na pleananna gníomhaíochta ceartaithí a cuireadh isteach an 27 Deireadh Fómhair 2025 go ndearnadh anailís leordhóthanach ar bhunchúiseanna na saincheisteanna a sainaithníodh ná gur tugadh aghaidh orthu go leordhóthanach. Ina theannta sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún ná le Coiste Aersháibháilteachta an Aontais dúnadh na 31 bharúil dá dtagraíonn Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine a bhailíochtú, ós rud é go raibh a ndúnadh bunaithe ar léirmhíniú Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine féin seachas ar fhianaise lena léirítear réiteach éifeachtach. Nuair a ceistíodh é le linn na héisteachta, d'admhaigh Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine go bhféadfadh sé gur ghá athmheasúnú a dhéanamh ar stádas roinnt barúlacha a luaithe a gheofar barúlacha an Choimisiúin maidir le pleananna gníomhaíochta ceartaithí.

(44) Thug an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais faoi deara freisin go raibh sé de nós ag Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine roinnt easnamh a sainaithníodh le linn chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair a íoslaghdú. Áiríodh leis sin bearnaí i gcáilíocht agus údarú cigirí, amhail oiliúint neamhiomlán agus mapáil inniúlachtaí mhíchruinn, chomh maith le drochbhainistíocht torthaí, lena n-áirítear torthaí a dúnadh gan gníomhaíochtaí ceartaitheacha nó anailís ar bhunchúiseanna. Ina theannta sin, laigí a léiríonn nach bhfuil gníomhaíochtaí maoirseachta ag feidhmiú go fóill mar chóras comhleanúnach, amhail úsáid seicliostaí míchuí agus pleananna faireachais comhthreomhara neamhrialaithe, cuireadh i láthair iad mar mhionlaigí. Léiríonn na saincheisteanna sin nár tugadh aghaidh go comhsheasmhach ar phríomheasnaimh shistéamacha, go háirithe in oibríochtaí aeir.

(45) Chuir Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine a thuairim in iúl gur cheart aeriompróirí na hAirméine a bhaint d'Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006, agus mhol sé go mbeadh faireachán faoi cheangal ama ag gabháil le haon deireadh a chur le srianta. Mar sin féin, bunaithe ar an bhfianaise uile atá ar fáil, lena n-áirítear measúnú an Aontais ar an láthair, na doiciméid a chuir Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine ar fáil ó chuairt mheasúnaithe an Aontais ar an láthair, agus éisteacht Choiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine, tháinig an Coimisiún agus Coiste Aersháibháilteachta an Aontais ar an gconclúid go bhfuil na gníomhaíochtaí ceartaitheacha fós neamhiomlán, agus go bhfuil anailís ar bhunchúiseanna láidir fós in easnamh. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta, thángthas ar an gconclúid nár thug Coiste Eitlíochta Sibhialta na hAirméine aghaidh go héifeachtach go fóill ar na heasnaimh shábháilteachta uile as ar eascair an toirmeasc ar oibriú a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/736.

(46) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar an liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe san Airméin.

(47) Ba cheart do na Ballstáit leanúint d'fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe san Airméin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

Aeriompróirí ón gCirgeastáin

(48) I mí Dheireadh Fómhair 2006, áiríodh aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin in Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 ón gCoimisiún le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún ([11]).

(49) I gcomhthéacs malartuithe leanúnacha, mar thoradh ar theagmhálacha athnuaite idir an Coimisiún agus Gníomhaireacht Eitlíochta Sibhialta an Stáit ('SCAA') faoi Chomh-Aireacht Airí Phoblacht na Cirgise ó bhí 2023 ann, sheol an Coimisiún tionscnamh um chúnamh teicniúil, arna chur chun feidhme ag an nGníomhaireacht, faoi chuimsiú Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005. Bhí sé d'aidhm ag an tionscnamh sin tacú le hiarrachtaí SCAA feabhas a chur ar a acmhainneacht formhaoirseachta.

(50) An 7 agus an 8 Deireadh Fómhair 2025, mar chuid de ghníomhaíochtaí faireacháin leanúnaigh an Choimisiúin maidir leis an staid sábháilteachta fhoriomlán sa Chirgeastáin, lena n-áirítear acmhainneacht agus cumais maoirseachta aersháibháilteachta SCAA, tionóladh cruinniú teicniúil ina raibh an Coimisiún, an Ghníomhaireacht, na Ballstáit agus SCAA rannpháirteach.

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2006 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 lena mbunaítear an liosta Comhphobail d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Chomhphobal, dá dtagraítear i gCaibidil II de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 910/2006 (IO L 283, 14.10.2006, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1543/oj).

(51) Le linn an chruinnithe sin, chuir SCAA i láthair an dul chun cinn suntasach a rinneadh idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2025 maidir le córas eitlíochta sibhialta na Cirgeastáine a neartú, go háirithe i ndáil leis an gcreat reachtach, leis an acmhainneacht institiúideach agus le gníomhaíochtaí maoirseachta. Thug an Coimisiún dá aire gur ghlac an Pharlaimint Cód Aeir nua na Cirgeastáine agus go raibh sé le fógairt, agus gur formheasadh roinnt Rialacha Náisiúnta Eitlíochta, lena dtrasuitear Iarscríbhinní 1, 6, 7 agus 8 EESI, le dréachtaí breise, lena n-áirítear trasuí Iarscríbhinn 19, faoi chomhairliúchán. Thairis sin, thuairiscigh SCAA go raibh dúbailt foirne ann i réimsí na n-oibríochtaí aeir, an cheadúnaithe pearsanra agus na haeracmhainneachta, chomh maith le foirne tiomnaithe a bhunú le haghaidh bainistíocht cáilíochta agus sábháilteachta. Cuireadh clár oiliúna cuimsitheach chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí 'oiliúint don oiliúnóir', agus cuireadh feabhas suntasach ar dhálaí oibre agus ar bhonneagar TF.

(52) Chuir SCAA in iúl, in oirchill theacht i bhfeidhm an chreata rialála nua, go ndearna sé cleachtadh athdheimhniúcháin le roinnt aeriompróirí chun iad a ullmhú do na ceanglais nua deimhniúcháin atá le teacht. Ghlac ceithre aeriompróir páirt sa chleachtadh sin, a rinneadh trí úsáid a bhaint as na seicliostaí agus na nósanna imeachta nuafhorbartha. Ba é an cuspóir a bhí leis sin eolas a chur ar na haeriompróirí agus ar chigirí SCAA araon maidir leis na forálacha nua, agus bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint sula gcuirfí chun feidhme go foirmiúil iad, agus iad ag feidhmiú mar ghníomhaíocht ullmhúcháin agus oiliúna do na páirtithe uile lena mbaineann.

(53) Ina theannta sin, chuir SCAA a phleananna i láthair chun maoirseacht rioscabhunaithe a chur chun feidhme, ag tógáil ar anailís sonraí agus ar tháscairí feidhmíochta aeriompróirí, chomh maith le creat soiléir forfheidhmiúcháin a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní sábháilteachta agus ar neamhchomhlíonadh.

(54) Le linn an chruinnithe theicniúil 2 lá, d'aithin an Coimisiún an dul chun cinn atá déanta ag an gCirgeastáin maidir leis an maoirseacht ar shábháilteacht eitlíochta a neartú le linn 2025. Tugadh feabhsuithe suntasacha faoi deara i bhforbairt an chreata reachtaigh agus rialála, i bhfeabhsú na hacmhainneachta institiúidí, agus i mbunú nósanna imeachta inmheánacha a thacaíonn le cur chun feidhme comhsheasmhach. Léiríonn an méid atá bainte amach tiomantas láidir SCAA agus a cheannaireacht an clár oibre um athchóiriú sábháilteachta a chur chun cinn, agus an córas eitlíochta náisiúnta a ailíniú le caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta. Mhol an Coimisiún an cur chuige réamhghníomhach agus cuiditheach a léirigh Ard-Stiúrthóir SCAA, a raibh a cheannaireacht straitéiseach ríthábhachtach chun na hathchóirithe sin a chur chun cinn agus chun dul chun cinn a chothú i dtimpeallacht dhúshlánach, agus úsáid á baint as saineolas seachtrach éifeachtach.

(55) Mar sin féin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil cur chun feidhme an chreata rialála nua fós ag céim luath, ós rud é nach raibh an reachtaíocht phríomha agus thánaisteach tagtha i bhfeidhm go fóill tráth an chruinnithe. Dá bhrí sin, ní féidir athdheimhniú iomlán aeriompróirí faoi na rialacha nua a mheas go fóill. Cuireadh in iúl do SCAA nach bhféadfaí cuairt mheasúnaithe de chuid an Aontais ar an láthair ar an gCirgeastáin a bheartú go dtí go mbeidh an reachtaíocht nua infheidhme go hiomlán agus go mbeidh athdheimhniú na n-aeriompróirí uile curtha i gcrích.

(56) An 7 Samhain 2025, tharchuir SCAA litir chuig an gCoimisiún ina dtugtar nuashonrú ar an dul chun cinn a rinneadh ó bhí cruinniú teicniúil an 7-8 Deireadh Fómhair 2025 ann, mar aon leis an bhfianaise thacaíochta. Cumhdaíodh san fhaisnéis a cuireadh isteach forbairtí ar fud na réimsí dlíthiúla, oibríochtaí aeir, aeracmhainneacht, ceadúnaithe pearsanra agus bainistíochta sábháilteachta. Cuireadh roinnt de na doiciméid isteach i ndréachtfhoirm chríochnaitheach agus bhí céimeanna deiridh an fhormheasa á ndéanamh orthu. Chuir SCAA an Coimisiún ar an eolas freisin gur ghlac Comh-Aireacht Airí Phoblacht na Cirgise Ordú Uimh. 975-t an 11 Samhain 2025, lenar údaraíodh infheidhmeacht luath an Aerchóid leasaithe agus lenar cuireadh ar chumas SCAA tús a chur le hathdheimhniú aeriompróirí náisiúnta ón 1 Nollaig 2025 ar aghaidh.

(57) Bunaithe ar an bplé a rinneadh le linn an chruinnithe theicniúil agus ar na gealltanais a deimhníodh sa litir ó SCAA an 7 Samhain 2025, measann an Coimisiún go bhféadfaí cuairt mheasúnaithe de chuid an Aontais ar an láthair ar an gCirgeastáin a bheartú do mhí an Mhárta 2026. Bheadh eagrú cuairte den sórt sin coinníollach ar réamhriachtanais sábháilteachta shonracha a chomhlíonadh, lena n-áirítear leibhéil foirne leordhóthanacha laistigh de SCAA, líon iomchuí aeriompróirí atá comhréireach lena chumas maoirseachta, agus cur chun feidhme éifeachtach na gceanglas nua deimhniúcháin faoin Aerchód leasaithe. Comhaontaíodh go ndéanfar athbhreithniú i mí Feabhra 2026 ar ullmhacht na Cirgeastáine cuairt den sórt sin a reáchtáil.

(58) Leanfaidh an Coimisiún de dhlúthfhaireachán a dhéanamh, agus aird ar leith á tabhairt ar phróiseas athdheimhniúcháin aeriompróirí. Cé go n-aithnítear na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag SCAA chun a chóras maoirseachta sábháilteachta a neartú, ní chuireann an fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair fianaise fhíoraithe leordhóthanach ar fáil go fóill chun a dheimhniú gur réitigh SCAA go héifeachtach na heasnaimh shábháilteachta uile as ar eascair an toirmeasc ar oibriú a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 1543/2006.

(59) I gcomhréir leis na critéir chomhchoiteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, measann an Coimisiún ag an bpointe seo nach bhfuil aon fhoras le leasú a dhéanamh ar an liosta d'aeriompróirí a bhfuil atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú laistigh den Aontas a mhéid a bhaineann le haeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin.

(60) Ba cheart do na Ballstáit leanúint lena fhíorú go bhfuil na caighdeáin sábháilteachta idirnáisiúnta ábhartha á gcomhlíonadh go héifeachtach ag aeriompróirí atá deimhnithe sa Chirgeastáin trí thosaíocht a thabhairt do na cigireachtaí rampa ar na haeriompróirí sin, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 965/2012.

(61) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 a leasú dá réir sin.

(62) Aithnítear le hAirteagail 5 agus 6 de Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005 an gá le cinntí a dhéanamh go tapa agus, i gcás inarb iomchuí, go práinneach, i bhfianaise na n-impleachtaí sábháilteachta. Dá bharr sin, tá sé fíor-riachtanach, ar mhaithe le faisnéis íogair agus na daoine a thaistealaíonn a chosaint, go mbeidh feidhm láithreach ag aon chinneadh tar éis a ghlactha i ndáil leis an liosta d'aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc nó srian ar a n-oibriú laistigh den Aontas a thabhairt cothrom le dáta.

(63) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste Aersháblháilteachta an Aontais,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 474/2006 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn A;

(2) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn B.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN A

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ A BHFUIL TOIRMEASC AR A nOIBRIÚ LAISTIGH DEN AONTAS, MAILLE LE hEISCEACHTAÍ [1]

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AIR ZIMBABWE (PVT)	177/04	AZW	an tSiombáib
AVIOR AIRLINES	ROI-RNR-011	ROI	Veiniséala
IRAN ASEMAN AIRLINES	FS-102	IRC	an Iaráin
FLY BAGHDAD	007	FBA	an Iaráic
IRAQI AIRWAYS	001	IAW	an Iaráic
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Afganastáin, lena n-áirítear			**an Afganastáin**
ARIANA AFGHAN AIRLINES	AOC 009	AFG	an Afganastáin
KAM AIR	AOC 001	KMF	an Afganastáin
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Angóla, cé is moite de TAAG *Angola Airlines* agus *Heli Malongo*, lena n-áirítear			**Angóla**
AEROJET	AO-008/11-07/17 TEJ	TEJ	Angóla
GUICANGO	AO-009/11-06/17 YYY	Ní fios	Angóla
AIR JET	AO-006/11-08/18 MBC	MBC	Angóla
BESTFLYA AIRCRAFT MANAGEMENT	AO-015/15-06/17YYY	Ní fios	Angóla
HELIANG	AO 007/11-08/18 YYY	Ní fios	Angóla
SJL	AO-014/13-08/18YYY	Ní fios	Angóla
SONAIR	AO-002/11-08/17 SOR	SOR	Angóla
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Airméin, lena n-áirítear			**an Airméin**
AIR DILIJANS	AM AOC 065	NGT	an Airméin
ARMENIAN AIRLINES	AM AOC 076	AAG	an Airméin
ARMENIA AIRWAYS	AM AOC 063	AMW	an Airméin

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear san Iarscríbhinn seo cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
ARMENIAN HELICOPTERS	AM AOC 067	KAV	an Airméin
FLY ARNA	AM AOC 075	ACY	an Airméin
FLYONE ARMENIA	AM AOC 074	FIE	an Airméin
NOVAIR	AM AOC 071	NAI	an Airméin
SHIRAK AVIA	AM AOC 072	SHS	an Airméin
SKYBALL	AM AOC 073	Ní bhaineann le hábhar	an Airméin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCongó (Brazzaville), lena n-áirítear			**an Congó (Brazzaville)**
CANADIAN AIRWAYS CONGO	CG-CTA 006	TWC	an Congó (Brazzaville)
EQUAFLIGHT SERVICES	CG-CTA 002	EKA	an Congó (Brazzaville)
EQUAJET	RAC06-007	EKJ	an Congó (Brazzaville)
TRANS AIR CONGO	CG-CTA 001	TSG	an Congó (Brazzaville)
SOCIETE NOUVELLE AIR CONGO	CG-CTA 004	Ní fios	an Congó (Brazzaville)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Phoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC), lena n-áirítear			**Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)**
AB BUSINESS	AAC/DG/OPS-09/14	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR FAST CONGO	AAC/DG/OPS-09/03	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KASAI	AAC/DG/OPS-09/11	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
AIR KATANGA	AAC/DG/OPS-09/08	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
BUSY BEE CONGO	AAC/DG/OPS-09/04	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
COMPAGNIE AFRICAINE D'AVIATION (CAA)	AAC/DG/OPS-09/02	Dréachtphlean Buiséadach	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
CONGO AIRWAYS	AAC/DG/OPS-09/01	COG	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
GOMA EXPRESS	AAC/DG/OPS-09/13	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
KIN AVIA	AAC/DG/OPS-09/10	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
MALU AVIATION	AAC/DG/OPS-09/05	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SERVE AIR CARGO	AAC/DG/OPS-09/07	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
SWALA AVIATION	AAC/DG/OPS-09/06	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
TRACEP CONGO AVIATION	AAC/DG/OPS-09/15	Ní fios	Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Djibouti, lena n-áirítear			**Djibouti**
DAALLO AIRLINES	Ní fios	DAO	Djibouti
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an nGuine Mheánchiorclach, lena n-áirítear			**an Ghuine Mheánchiorclach**
CEIBA INTERCONTINENTAL	2011/0001/MTTCT/DGAC/SOPS	CEL	an Ghuine Mheánchiorclach
CRONOS AIRLINES	2011/0004/MTTCT/DGAC/SOPS	Ní fios	an Ghuine Mheánchiorclach
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Eiritré, lena n-áirítear			**an Eiritré**
ERITREAN AIRLINES	AOC Uimh. 004	ERT	an Eiritré
NASAIR ERITREA	AOC Uimh. 005	NAS	an Eiritré
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an gCirgeastáin, lena n-áirítear			**an Chirgeastáin**
AERO NOMAD AIRLINES	57	ANK	an Chirgeastáin
AEROSTAN	08	BSC	an Chirgeastáin

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AIR COMPANY AIR KG	50	KGC	an Chirgeastáin
AIRCOMPANY MOALEM AVIATION	56	AMA	an Chirgeastáin
AVIA TRAFFIC COMPANY	23	AVJ	an Chirgeastáin
CENTRAL ASIAN AVIATION SERVICES	58	KAS	an Chirgeastáin
FLYSKY AIRLINES	53	FSQ	an Chirgeastáin
GLOBAL 8 AIRLINES	59	Ní fios	an Chirgeastáin
HELI SKY	47	HAC	an Chirgeastáin
KAP.KG AIRCOMPANY	52	KGS	an Chirgeastáin
MAC.KG AIRLINES	61	MSK	an Chirgeastáin
SAPSAN AIRLINE	54	KGB	an Chirgeastáin
SKY JET	60	SJL	an Chirgeastáin
SKY KG AIRLINES	41	KGK	an Chirgeastáin
TRANS CARAVAN KG	55	TCK	an Chirgeastáin
TEZ JET	46	TEZ	an Chirgeastáin
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libéir.			**an Libéir**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Libia, lena n-áirítear			**an Libia**
AFRIQIYAH AIRWAYS	007/01	AAW	an Libia
AIR LIBYA	004/01	TLR	an Libia
AL MAHA AVIATION	030/18	Ní fios	an Libia
BERNIQ AIRWAYS	032/21	BNL	an Libia
BURAQ AIR	002/01	BRQ	an Libia
GLOBAL AIR TRANSPORT	008/05	GAK	an Libia
HALA AIRLINES	033/21	HTP	an Libia
LIBYAN AIRLINES	001/01	LAA	an Libia
LIBYAN WINGS AIRLINES	029/15	LWA	an Libia
PETRO AIR	025/08	PEO	an Libia
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht acu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Neipeal, lena n-áirítear			**Neipeal**

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
AIR DYNASTY HELI. S.	035/2001	Ní fios	Neipeal
ALTITUDE AIR	085/2016	Ní fios	Neipeal
BUDDHA AIR	014/1996	BHA	Neipeal
FISHTAIL AIR	017/2001	Ní fios	Neipeal
SUMMIT AIR	064/2010	Ní fios	Neipeal
HELI EVEREST	086/2016	Ní fios	Neipeal
HIMALAYA AIRLINES	084/2015	HIM	Neipeal
KAILASH HELICOPTER SERVICES	087/2018	Ní fios	Neipeal
MAKALU AIR	057A/2009	Ní fios	Neipeal
MANANG AIR PVT	082/2014	Ní fios	Neipeal
MOUNTAIN HELICOPTERS	055/2009	Ní fios	Neipeal
PRABHU HELICOPTERS	081/2013	Ní fios	Neipeal
NEPAL AIRLINES CORPORATION	003/2000	RNA	Neipeal
SAURYA AIRLINES	083/2014	Ní fios	Neipeal
SHREE AIRLINES	030/2002	SHA	Neipeal
SIMRIK AIR	034/2000	Ní fios	Neipeal
SIMRIK AIRLINES	052/2009	RMK	Neipeal
SITA AIR	033/2000	Ní fios	Neipeal
TARA AIR	053/2009	Ní fios	Neipeal
YETI AIRLINES	037/2004	NYT	Neipeal
Na haeriompróirí seo a leanas atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Rúis			**an Rúis**
AURORA AIRLINES	486	SHU	an Rúis
AVIACOMPANY 'AVIASTAR-TU' CO. LTD	458	TUP	an Rúis
IZHAVIA	479	IZA	an Rúis
JOINT STOCK COMPANY "AIR COMPANY "YAKUTIA"	464	SYL	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'RUSJET'	498	RSJ	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'UVT AERO'	567	UVT	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC SIBERIA AIRLINES	31	SBI	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC SMARTAVIA AIRLINES	466	AUL	an Rúis

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'IRAERO' AIRLINES	480	IAE	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC 'URAL AIRLINES'	18	SVR	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC ALROSA AIR COMPANY	230	DRU	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC NORDSTAR AIRLINES	452	TYA	an Rúis
JS AVIATION COMPANY 'RUSLINE'	225	RLU	an Rúis
JSC YAMAL AIRLINES	142	LLM	an Rúis
LLC 'NORD WIND'	516	NWS	an Rúis
LLC 'AIRCOMPANY IKAR'	36	KAR	an Rúis
LTD. I FLY	533	RSY	an Rúis
POBEDA AIRLINES CUIDEACHTA THEOREANTA	562	PBD	an Rúis
CUIDEACHTA COMHSTOIC PHOIBLÍ 'AEROFLOT – RUSSIAN AIRLINES'	1	AFL	an Rúis
ROSSIYA AIRLINES, CUIDEACHTA COMHSTOIC	2	SDM	an Rúis
SKOL AIRLINE LLC	228	CDV	an Rúis
UTAIR AVIATION, CUIDEACHTA COMHSTOIC	6	UTA	an Rúis
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar São Tomé agus Príncipe, lena n-áirítear			**São Tomé agus Príncipe**
STP AIRWAYS	03/AOC/2006	STP	São Tomé agus Príncipe
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar Shiarra Leon			**Siarra Leon**
Gach aeriompróir atá deimhnithe ag na húdaráis atá freagrach as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an tSúdáin, lena n-áirítear			**an tSúdáin**
ALFA AIRLINES SD	54	AAJ	an tSúdáin
BADR AIRLINES	35	BDR	an tSúdáin
BLUE BIRD AVIATION	11	BLB	an tSúdáin
ELDINDER AVIATION	8	DND	an tSúdáin
GREEN FLAG AVIATION	17	GNF	an tSúdáin

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
HELEJETIC AIR	57	HJT	an tSúdáin
KATA AIR TRANSPORT	9	KTV	an tSúdáin
KUSH AVIATION CO.	60	KUH	an tSúdáin
NOVA AIRWAYS	46	NOV	an tSúdáin
SUDAN AIRWAYS CO.	1	SUD	an tSúdáin
SUN AIR	51	SNR	an tSúdáin
TARCO AIR	56	TRQ	an tSúdáin
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an tSúdáin, lena n-áirítear			**Suranam**
BLUE WING AIRLINES N.V.	SR/BWA-02/2010	BWI	Suranam
FLY ALL WAYS N.V.	SR/FAW-06-2015	EDR	Suranam
GUM AIR N.V.	SR/GUM-03-2010	GUM	Suranam
SAMAVCO N.V. (VORTEX AIR SERVICES)	SR/VORTEX-9-2019	Ní fios	Suranam
STICHTING MISSION AVIATION FELLOWSHIP SURINAME (STICHTING MAF SURINAME)	SR/MAF-07-2017	Ní fios	Suranam
SURINAAMSE LUCHTVAART MAATSCHAPPIJ N.V. (SURINAM AIRWAYS)	SR/SLM-01-2010	SLM	Suranam
UNITED AVIATION SERVICES N.V.	SR/UAS-8-2019	Ní fios	Suranam
BADJAS CARGO N.V.	SR/BAC-11-2023	Ní fios	Suranam
Na haeriompróirí uile atá deimhnithe ag na húdaráis a bhfuil freagracht orthu as formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar an Tansáin, lena n-áirítear			**an Tansáin**
ADVENTURE ALOFT	TCAA/AOC/043	Ní fios	an Tansáin
AFRICAN SKYDIVE ADVENTURES LTD	TCAA/AOC/079	Ní fios	an Tansáin
AIR EXCEL LTD	TCAA/AOC/028	XLL	an Tansáin
AIR TANZANIA CO. LTD	TCAA/AOC/001	Ní fios	an Tansáin
ARUSHA MEDIVAC LTD.	TCAA/AOC/071	Ní fios	an Tansáin
AS SALAAM AIR LTD.	TCAA/AOC/051	Ní fios	an Tansáin
AURIC AIR SERVICES LTD.	TCAA/AOC/022	AUK	an Tansáin
COASTAL TRAVELS LTD	TCAA/AOC/004	CSV	an Tansáin
CROPCAIR AVIATION (T) LIMITED	TCAA/AOC/	Ní fios	an Tansáin

Ainm eintiteas dlíthiúil an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Teastais Aeroibreora (AOC) nó Uimhir an Cheadúnais Oibríochta	Sainitheoir trí litir ICAO	Stát an Oibreora
EVERETT AVIATION LIMITED	TCAA/AOC/042	EVT	an Tansáin
FLIGHT LINK LIMITED	TCAA/AOC/025	FLZ	an Tansáin
FLY SAFARI AIRLINK	TCAA/AOC/047	Ní fios	an Tansáin
FLY ZANZIBAR (Z) LTD	TCAA/AOC/058	Ní fios	an Tansáin
GRUMETI AIR LTD	TCAA/AOC/068	Ní fios	an Tansáin
JAMBO AVIATION LTD.	TCAA/AOC/070	Ní fios	an Tansáin
KILIMEDI AIR AVIATION CO. LTD	TCAA/AOC/	Ní fios	an Tansáin
LEVEL UP AVIATION LTD.	TCAA/AOC/076	Ní fios	an Tansáin
MIRACLE EXPERIENCE (T) LTD	TCAA/AOC/066	Ní fios	an Tansáin
MISSION AVIATION FELLOWSHIP (MAF)	TCAA/AOC/008	Ní fios	an Tansáin
MY FLY AVIATION CO. LTD	TCAA/AOC/072	Ní fios	an Tansáin
NYSSA BALOON SAFARIS	TCAA/AOC/078	Ní fios	an Tansáin
PELICAN AVIATION AND TOURS LTD	TCAA/AOC/	Ní fios	an Tansáin
PRECISION AIR SERVICES	TCAA/AOC/003	PRF	an Tansáin
REGIONAL AIR SERVICES LTD	TCAA/AOC/010	REG	an Tansáin
SAFARI PLUS LTD	TCAA/AOC/046	Ní fios	an Tansáin
SERENGETI BALLONS	TCAA/AOC/029	Ní fios	an Tansáin
SHINE AVIATION LTD	TCAA/AOC/061	Ní fios	an Tansáin
SHINE BALOONS SAFARIS	TCAA/AOC/083	Ní fios	an Tansáin
STATE AVIATION LTD	TCAA/AOC/081	Ní fios	an Tansáin
TANZANIAN AIR SERVICES	TCAA/AOC/002	Ní fios	an Tansáin
TROPIC HELICOPTERS LTD	TCAA/AOC/077	Ní fios	an Tansáin
TROPICAL AIR SERVICES	TCAA/AOC/006	Ní fios	an Tansáin
UNITY AIR	TCAA/AOC/075	Ní fios	an Tansáin
ZANTAS AIR SERVICES	TCAA/AOC/018	Ní fios	an Tansáin’

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN B

LIOSTA NA nAERIOMPRÓIRÍ ATÁ FAOI RÉIR SRIANTA OIBRÍOCHTÚLA LAISTIGH DEN AONTAS [1]

Ainm eintiteas dlítheanach an aeriompróra faoi mar a léirítear é ar a AOC (agus a ainm trádála, murab ionann é)	Uimhir an Deimhnithe Aeroibreora (AOC)	Sainitheoir trí litir EESI	Stát an Oibreora	Cineál aerárthaigh a bhfuil srian air	Cláruimhir nó cláruimhreacha agus, má tá a leithéid ann, sraithuimhir nó sraithuimhrea-cha déantúis an aerárthaigh a bhfuil srian air	Stát an chláraithe
IRAN AIR	IR.AOC.100	IRA	an Iaráin	Na haerárthaí uile den chineál Fokker F100 agus den chineál Boeing B747	Aerárthaí den chineál Fokker F100 mar a luaitear ar an AOC; Aerárthaí den chineál Boeing B747 mar a luaitear ar an AOC	an Iaráin
AIR KORYO	GAC-AOC/KOR-01	KOR	Daon-Phoblacht Dhaonlath-ach na Cóiré	An flít ar fad, cé is moite de: 2 aerárthach den chineál TU- 204.	An flít ar fad, cé is moite de: P-632, P-633.	Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré'

[1] D'fhéadfaí cead a thabhairt d'aeriompróirí a liostaítear san Iarscríbhinn seo cearta tráchta a fheidhmiú trí aerárthaí léasa fhliuch ó aeriompróir nach bhfuil faoi réir toirmeasc ar a oibriú a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonfar na caighdeáin sábháilteachta ábhartha.'